LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying

# Brústocaireacht a Rialáil

# 2018

## Tuarascáil Bhliantúil







Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

# Staitisticí


## Fíor 1 – An líon iomlán cláraithe de réir bliana





## Fíor 2 – An líon cláraithe de réir earnála




## Fíor 3 – An líon tuairisceán de réir tréimhse tuairiscithe sa bhliain 2018




## Fíor 4 – An líon tuairisceán de réir Réimse Beartais Phoiblí




## Fíor 5 – Láthair réigiúnach na gcláraithe

An Bhreatain Mhór: 58
An chuid eile den Eoraip: 18
An chuid eile den Domhan: 11

**Iomlán: 1742**



# Breitheanna a thug an Coimisiún faoin Acht

- Tá sé d'údarás ag an gCoimisiún breitheanna a thabhairt faoi ailt 10, 14 agus 22 den Acht. Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh na mbreitheanna sin.
- Fuarthas iarratas amháin go gcuirfí moill ar fhoilsiú tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta faoi alt 14 den Acht. Ceadaíodh an t-iarratas agus cuireadh moill ar an bhfoilsiú.
- Rinne beirt iar-Oifigeach Poiblí Ainmnithe iarratas go ndéanfaí an tréimhse "mharana" aon bhliana dá bhforáiltear faoi alt 22 den Acht a laghdú/a tharscaoileadh. Dhiúltaigh an Coimisiún toiliú a thabhairt sa chéad chás. Ar achomharc, seasadh leis an mbreith ón gCoimisiún. Thug an Coimisiún toiliú faoi réir coinníollacha sa dara cás.
- Bhí sárú amháin ann ar fhorálacha fostaíochta iarthéarma an Achta sa bhliain 2018. Níl an sárú á dhéanamh go fóill toisc gur fhág an duine an post nua ina dhiaidh sin.

# Forálacha Forfheidhmithe

### Cionta faoi alt 20(1) den Acht – tuairisceáin dhéanacha

Sa bhliain 2018, d'eisigh an Coimisiún 41 fhógra chuig daoine aonair a mhainnigh fógra íocaíochta seasta a fuarthas i leith tuairisceán a chur isteach go déanach a íoc, rud ar cion faoin Acht é. Sna fógraí sin, cuireadh na faighteoirí ar an eolas go raibh sé beartaithe iad a ionchúiseamh murar íocadh an pionós. Rinne gach duine díobh amhlaidh a luaithe a fuair siad an fógra. Dá réir sin, ní raibh aon chiontuithe ann faoin alt seo den Acht sa bhliain 2018.

### Cionta faoi alt 20(2) den Acht – mainneachtain tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach

Sa bhliain 2018, d'eisigh an Coimisiún 199 bhfógra chuig daoine inar cuireadh iad ar an eolas go raibh sé beartaithe iad a ionchúiseamh murar chuir siad tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach. Ullmhaíodh ocht gcomhad le haghaidh an mhainneachtain tuairisceáin a chur isteach a ionchúiseamh. Scoireadh den chás nó réitíodh é i gcás 5 cinn díobh. Tionscnaíodh imeachtaí ionchúisimh in dhá chás, atá fós ar siúl.

### Fógraí Íocaíochta Seasta a seirbheáladh faoi alt 21 den Acht

Faoi mar a tharla sa bhliain roimhe sin, eisíodh 522 Fhógra Íocaíochta Seasta le linn na bliana 2018. Díobh sin, íocadh 437 gcinn (€87,400) agus tá 15 cinn fós amuigh. Cealaíodh seachtó Fógra Íocaíochta Seasta i gcás gur cinneadh go raibh cúiseanna bailí ann le déanamh amhlaidh.

# Ocht bPrionsabal an Chóid Iompair

Tháinig an Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta i bhfeidhm an 1 Eanáir 2019. Leagtar amach sa Chód Iompair ocht bprionsabal ar dá réir a fhéadfaidh daoine gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh ar bhealach trédhearcach eiticiúil. Is iad sin:

1. Meas ar chomhlachtaí poiblí a léiriú
2. Gníomhú le macántacht agus le hionracas
3. Cruinneas faisnéise a chinntiú
4. Aitheantas agus cuspóir na ngníomhaíochtaí brústocaireachta a nochtadh do chomhlachtaí poiblí agus d'oifigigh thofa nó cheaptha
5. Rúndacht a choimeád
6. Tionchar míchuí a sheachaint
7. Forálacha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil a chomhlíonadh
8. Aird a Thabhairt ar an gCód Iompair